

Gaeilscoil
Thaobh na Coille

20/02/2013

NUACHTLITIR

Gaeilscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18

San eagrán seo:

Inside this issue:

Gaelú na Gaeilscoile	1
Bord Bainistíochta Board of Management	2
Parcáil Parking	2
Cór na nÓg National Children's Choir	2
Máirt na hInide Shrove Tuesday	3
Tochtóirí Diggers	3
Seirbhís Reiligiúnda Religious Ceremonies	3
AGM Cumann na dTuismitheoirí	4
Cúrsaí Spóirt Sports Matters	4



Pancóga Deasa : Máirt na hInide

Gaelú na Gaeilscoile

Rinne sibh cinneadh bhúr bpáistí a sheoladh ag gaeilscoil. Cinneadh mór ba ea í sin, go speisialta daoibhse nach raibh aon taithí pearsanta agaibh ar an nGaeilge nó ar an nGaelscolaíocht. Tá ag éirí go hiontach le bhúr bpáistí sa scoil agus an Ghaeilge ar a dtoil acu. Ní hamháin sin ach creidim go bhfuil meas acu ar an nGaeilge agus ar an gcultúr ghaelach as a dtagann siad. ACH tá obair fós le déanamh againn ar na daoine fásta, sibhse na tuismitheoirí. Bhí sé mar riail againn a riamh gurb í an Ghaeilge amháin a bhí le cloiseáil laistigh agus thart timpeall ar an scoil – is oth liom a rá nach mar sin atá cúrsaí faoi láthair. Impim oraibh a thuismitheoirí bhúr gcuid Gaeilge a úsáid nuair a thagann sibh ar scoil ar maidin leis na páistí, nuair a bhailíonn sibh iad um thráthnóna agus nuair a bhíonn sibh ag seasamh ag

clabaireacht le chéile sa chlós & thart timpeall na scoile. Déan bhúr ndícheal cibé méid Gaeilge atá agaibh a úsáid fiú muna bhfuil ann ach focal nó dhó i ngach abairt. Cuidigí le chéile. Ní cheartóidh éinne tú (mise san áireamh) muna bhfuil do chuid Gaeilge cruinn ACH ceartófar sibh má chloistear sibh ag spalpadh béarla thart timpeall na scoile. Bíonn bhúr bpáistí an-bhródúil asaibh nuair a chloiseann siad sibh ag labhairt i nGaeilge. Oibrimís le chéile chun ár nGaelscoil agus ár dTuismitheoirí a Ghaelú!

You decided to send your children to a Gaelscoil. That was a big decision, especially for those of you who had little or no personal experience of Gaeilge or Gaelscoilleana. Your children are doing very well in the school and are fluent in Irish. Not only that but I believe they have a really positive interest and respect for the language and the Irish culture from which they come.

HOWEVER we still have a bit of work to do on the adults, namely you the parents! It was always the rule and practice in the school that only Gaeilge was to be heard in and around the school – I am sad to say that this is not the case at present. I ask all parents to please use whatever Gaeilge you have when you bring your children to school in the morning, when you collect them in the afternoon, when you in **the school whether it's making pancakes or chatting with your friends in the yard or around the school.** Please make every effort to use whatever Gaeilge you have even if you just use a cúpla focal as Gaeilge in each sentence. Support and help each other. No one will correct you (myself included) if your Gaeilge is grammatically incorrect however you will be reprimanded if you are heard **'ag clabaireacht as Béarla' around the school. Let's work together to improve the use of Gaeilge among the tuismitheoirí**



Gaelscoil
Thaobh na Coille



Conor Mac Daid
(Cathaoirleach)

Emer Nic Chonchradha
Mary Mhic Dhomhnaill
Oilibhéar Ó hAodha
Niamh Ní Dhúill,
Lúsaí Mhic Cnámhais
Colm Mac Giolla Phádraig
Ailín Ní Dhomhnaill.

Bord Bainistíochta : Board of Management

Mar is eol daoibh toghadh Conor Mac Daid mar chathaoirleach an mBord Bainistíochta roimh na nollag nuair a d'éirigh Lorcán Mac Gabhann as an Bord Bainistíochta. D'éirigh Aoife Ní Fhearghail – ionadaí ón gcomhphobal, as freisin de bharr cuinsí pearsanta agus brú oibre. Bhí Aoife ar an mBord ó 2007 i leith agus gabhaimid buiochas léi as an obair ar fad a rinne sí ar an mBord ón am sin.

Tá Oilibhéar Ó hAodha ainmnithe ag Patrún na Scoile, An Foras Patrúnachta, mar ionadaí an phatrúin ar an mbord le folúntas Lorcáin a líonadh. Is sean-chara de chuid na scoile é Ollie. D'fhreastal a bheirt páiste ar Ghaelscoil

Thaobh na Coille agus bhí Oilibhéar féin an-ghníomach ar Choiste na dTuismitheoirí agus chaith sé tréimhse freisin mar Chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta. Tá muid thar a bheith sásta é a bheith ar ais linn ar an mBord.

Tá Ailín Ní Dhomhnaill, cara mór eile leis an scoil ceapaithe mar ionadaí ón gcomhphobal in áit Aoife Ní Fhearghail. Iardhalta agus iar-mhúinteoir de chuid Coláiste Íosagáin í Ailín. D'oibrigh sí linn anseo sa Ghaelscoil go páirt-aimseartha thar 7 mbliana mar mhúinteoir tacaíocht foghlama agus tá tuscint bhreá aici ar an gcóras oideachais mar aon le sár-spéis inár scoil.

As you are aware Conor Mac Daid replaced Lorcán Mac Gabhann as chairperson of the Board of Management when he stepped down from the Board of Management back in November. Aoife Ní Fhearghail who has served on the Board as a representative from the wider community has had to step down from the Board due to personal & work commitments. Aoife has been a member of our Board of Management since 2007 and we thank her for all the work she did on the Board since then.

Our Patron, An Foras Patrúnachta has appointed Oilibhéar Ó hAodha as the patrons representative to replace the vacancy left by Lorcán Mac Gabhann. Oilibhéar Ó hAodha is an 'old friend' of the schools. Both his children attended Gaelscoil Thaobh na Coille and Oilibhéar was a very active member of Coiste na dTuismitheoirí and also served as Chairperson of our Bord Bainistíochta. We are delighted that he has agreed to join us on our Board again. Ailín Ní Dhomhnaill, another good friend of the schools has been appointed to the Board as a member from the community to replace the vacancy left by Aoife Ní Fhearghail. Ailín is a past-pupil and former teacher of Coláiste Íosagáin. She worked with us here in Gaelscoil Thaobh na Coille as a part-time learning support teacher for 7 years and she brings with her a wealth of knowledge of the education system and a keen interest in our school.



Parcáil : Parking

Tá roinnt beag tuismitheoirí fós ag déanamh neamh-aird de rialacha páirceála na scoile. Cuirim i gcuimhne díbh

- níl sé ceadaithe páirceáil dúbailte a dhéanamh os comhair na scoil ag am ar bith, ar chúis ar bith
- níl sé ceadaithe páirceáil thuas ar an gcosán nó ar an bhféar – tá an féar á scrios agus tá sé contúirteach do na páistí
- níl sé ceadaithe páirceáil ag geataí na scoile : geata isteach nó geata amach

Tá páirceáil den tsaghas seo dainséarach agus moillíonn sé an trácht isteach agus amach as an scoil ar gach duine eile.

A small number of parents still choose to ignore our parking regulations. May I remind you of the following

- *No double parking allowed to the front of the school, at any time, for any reason*
- *No parking allowed up on footpaths or on grass verges – the grass is being ruined and it is really dangerous from a child safety point of view.*
- *No parking at the school gates: in or out gate, inside or outside either gate.*

Not only is parking of this nature is dangerous it also blocks the flow of traffic in and out of the school for everyone.

Cór Náisiúnta na nÓg

National Children's Choir



Dáta don Dialann

Daltaí R5 & R6

Ceolchoirm

National Basketball Arena

Tamlacht

Dé hAoine

26/04/2013

8pm—9.45pm

Máirt na hInide : Shrove Tuesday



Eliza Mhic Gabhann ag obair sa chistin!

Bailíodh €710 do Chumann Naomh Uinseann de Pól tré phancóga a dhíol sa scoil ar Mháirt na hInide. Buíochas leis na tuismitheoirí agus na hiar-dhaltaí a bhí ag déanamh & ag díol pancóga ar an lá agus buíochas leo siúd a sheol pancóga isteach chun na scoile le díol.

€710 was raised for the Society of St Vincent de Paul by selling pancakes in the school on Shrove Tuesday. Thanks to the parents and past-pupils who made and sold pancakes on the day and thanks also to those parents couldn't make it but who supplied pancakes for sale.



Seirbhísí Reiligiúnda Religious Ceremonies



R2

An Chéad Fhaoistin

First Confessions
Déardaoin 21/02/13
7.30pm
Séipéal Mhuire
Ath an Ghainimh

Tochaltóirí Béal Dorais! : Diggers next door!

Táim cinnte gur thug sibh faoi ndeara go bhfuil tochtait ar siúl sa pháirc ar chúl na scoile. Baineann an talamh ar fad ó Bhóthar Áth na Sceire chomh fada síos leis an scoil (sean-tailte club rugbaí) le tógáilthe Castlethorn a thóg eastáit Bheallairmín. Tá sé i gceist ag Castlethorn tosú ar thithe a thógáil ar an talamh seo ach sular féidir leo é sin a dhéanamh caithfidh siad suirbhé seandálaíochta a dhéanamh ar an suíomh ar dtús mar go bhfuil sé suite i gceantair Dúchais idir Caisleán Chill Ghobain & Séipéal Chill Ghobain.

Tá súil acu tosú ar 'thithe samplacha' a thógáil thuas in aice leis an bpríomh bhóthar ar dtús agus an chuid eile a thógáil diaidh ar ndiaidh de réir mar a bhíonn éileamh orthu.

Mar chuid den chead pleanála tá heictéar den suíomh – an talamh díreach in aice le cúl na scoile le réiteach acu mar pháirc 'peile' acu, rud a bheidh go hiontach dúinne mar go mbeidh bealach isteach againne chuige trí gheataí cúil na scoile. N'fheadar go díreach caithin a tháilíodh sé seo mar gur le linn

'saol ré an tionscnaimh tógála' a dhéanfar an pháirc seo a fhorbairt & a chur i gcrích agus d'fhéadfadh sé nach dtarlódh sé sin go ceann cúpla bliain fós.

Most of you have probably noticed the diggers that have been working in the field at the back of the school in recent weeks and wondered what was going on. The land that stretches from the main Enniskerry Road right down to the school belongs to Castlethorn, the developers who built Belarmine Estate. Castlethorn intend to start building houses on this land in the near future but as the land is situated adjacent to national heritage sites, Kilgobbin Castle & Kilgobbin Church an archeological examination of the site must be undertaken first and this is what is happening at the moment.

Castlethorn plan to start building 'show houses' up near the main road and continue with the development according to demand.

Part of the planning conditions is that a hectare of the site – the land directly behind the school, is to be developed as an open space / football field, which will be fantastic for us as we will have direct access to it via our back gates. However this will be done within the 'life-time of the project' so it may not happen for some years yet.



R6

Searmanas an tSolais

Ceremony of Light
Déardaoin 07/03/13
7.30pm
Séipéal Mhuire
Ath an Ghainimh



R6

Cóineartú

Confirmation
Aoine 22/03/13
11.00am
Séipéal Mhuire
Ath an Ghainimh

Ná Dearmad **Don't Forget**

Cumann na dTuismitheoirí

AGM

Cumann na dTuismitheoirí

Máirt 26^ú Feabhra

8.00pm

Halla na Scoile

Bígí Ann!

Is grúpa oibre fuinniúil tuismitheoirí an Coiste a eagraíonn ócáidí éagsúla, taitneamhacha, sóisialta sa scoil i rith na bliana. Fáiltimid roimh inchur gach duine agus iarraidimid oraibh tacú leis na hócáidí éagsúla a eagraítear ionas go n-éireoidh go maith leis na himeachtaí scoile seo.

Cruinniú Chinn Bhliana AGM



Mar thuismitheoir sa scoil is ball thú de Chumann na dTuismitheoirí Gaelscoil Thaobh na Coille. Tá cuireadh agat teacht go Cruinniú Cinn Bhliana an Chumainn i halla na scoile ar an Mháirt 26^ú Feabhra ag 8.00pm.

As a member of the Parents Association of Gaelscoil Thaobh na Coille, you are invited to attend the Annual General Meeting in the school hall on Tuesday at 26th February at 8.00pm.

The Coiste is a vibrant working group of parents from the school who organise various social & fundraising events in the school throughout the year. We welcome everybody's contribution and encourage you to participate in order to ensure these events are as successful as possible.

Aoichainteoir

AGM Guestspeakers

"All About Nu"

www.allaboutnu.com
Máirt, Feabhra 26^ú

8.00-8.45pm

sa halla, roimh an

AGM

Ábhar clúdaithe:

Otracht Óige

Conas is féidir le hathraithe beaga & dea-shampla ó thuismitheoirí an fhadhb a réiteach

Rogha Biachláir don lón scoile
Conas bia phróiseáilte a sheachaint
Conas 'picky eater' a bhainistiú
An tionchar a bhíonn ag siúcra ar droch-iompar agus easpa díriú aigne.

Cad is bia phróiseáilte ann agus an dochar a dhéanann breiseáin dár sláinte go fadtéarmach

Topics will include:

Childhood obesity - diet and life-style factors that contribute
How small changes & parents leading by example can resolve the issue
Food menu choices for school lunches

How to avoid convenience foods
How to manage a picky eater
How sugar contributes to bad behaviour and poor concentration

What is processed food and how bad additives are to our long term health

Cúrsaí Spóirt Sports Matters

Tá an tréanail iománaíochta & camógaíochta faoi lán-tseoil. Tá socraithe á dhéanamh againn úsáid a bhaint as páirceanna tréanála il-aimseartha dlr sa Chéim don tréanail os rud é nach bhfuil úsáid na páirce taobh thiar den scoil againn níos mó. Beidh an tréanail ar siúl ar an Luan óna 2pm go dtí an 3pm. 'Sí an Múinteoir Máirín Ní Dhubhtaigh a bheidh i mbun tréanála ar fhoireann na mbuachaillí agus an Múinteoir Máire Mhic Gabhann & an Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa a bheidh ag tabhairt faoi thréanail na gcaillíní. Beidh cúnaimh na dtuismitheoirí ag teastáil uainn le síbeanna a thabhairt do na daltaí suas go dtí an Chéim don téanail gach Luan.

Beidh ceachtanna corpoid. R4 go R6 ar siúl anois ar an Luan seachas ar an Aoine mar a bhí

go dtí seo dá bhrí sin beidh an culaith spóirt á chaitheamh ag na ranganna sin ar an Luan agus an t-éide scoile iomlán le caitheamh ar an Aoine as seo go deireadh na bliana.

Comhghárdeas le daltaí R3 as an sár-imirt a rinne siad i gCorn Andy Gibbons (don iománaíocht laistigh) le déanaí. D'éirigh thar barr leo agus taimid an-bhródúil astu.

The hurling and camogie season is in full swing. We have arranged to use the new all-weather pitches in Stepside for training as we no longer have the use of the pitches behind the school. Hurling and Camogie training will take place on Mondays from 2pm – 3pm. An Múinteoir Máirín Ní Dhubhtaigh will manage the boys hurling team and an Múinteoir Máire Mhic Gabhann & an

Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa will manage the girls camogie team. We will need the help and co-operation of parents to bring the children up to the pitch for training at 2pm each Monday.

PE lessons for R4 to R6 will now be timetabled for Monday afternoons instead of Friday as was the practice up until now therefore those classes will wear their tracksuit on Mondays and full uniform on Fridays between now and the end of the year.

Congratulations to R3 for their fine playing and great wins in the Andy Gibbons Cup (indoor hurling tournament) recently. They played extremely well and we're very proud of them.

